
Bealtaine 2024

Report

# Dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí

## Páipéar Saincheisteanna



UE/FF/LDB/0323

# Ár n-uisce a chosaint dár dtodhchaí

Má tá ceist ar bith agat nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil linn:

**Teagmháil sonraí**

**Gréasán:**
**www.water.ie**

**Twitter:**
**@IWCare**

Uisce Éireann
Bosca Oifige Poist 860
Oifig Seachadta na
Cathrach Theas
Cathair Chorcaí

**Eolas cuntais, fiosruithe, soláthar uisce nó éigeandálaí**

**24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain**

**Teileafón:**
**0818 778 778** nó **+353 1 707 2827**

**ITRS:**
1800 378 378 (do chustaiméirí nach bhfuil an éisteacht go maith acu)

**Sonraí Teagmhála Comhair-liúcháin**

**24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain**

**Ríomhphost:**
**CWS@water.ie**

**Suíomh gréasáin:**
**www.water.ie/cws**

# Clár na nÁbhar


**1.1 Réamheolas** **4**

1.1.1 Cúlra 4

1.1.2 Straitéis Fuíolluisce Chorcaí 4

1.1.3 An Comhthéacs Reachtaíochta 8

1.1.4 An Páipéar Saincheisteanna Seo 9

1.1.5 Cad atá ag tarlú anois? 10

1.1.6 Conas trácht a dhéanamh ar an bPáipéar Saincheisteanna seo 10

1.1.7 Na Chéad Chéimeanna eile 12

## 1.1 Réamheolas

### 1.1.1 Cúlra

Tá sé de fhreagracht ar Uisce Éireann a chinntiú go bhfaigheann a chustaiméirí (teaghlaigh agus cuideachtaí) soláthar uisce sábháilte agus iontaofa agus go ndéantar a gcuid fuíolluisce a bhailiú, a chóireáil i gceart agus a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht. Tá Uisce Éireann i bhfeighil ar ghréasán ionad cóireála uisce ar fud na hÉireann atá freagrach as an ngréasán séarachais phoiblí a ghlanadh agus a chothabháil, agus an méid sin amháin. Tagann athrú ar mhéid na n-ionad cóireála sin mar gheall ar mhéid agus ar dhaonra an limistéir a mbíonn siad ag freastal air.

Bíonn coinníollacha diana ag baint le ceadúnais scaoilte fuíolluisce le cinntiú go bhfuil ardchaighdeán ag baint leis an eisilteach agus nach mbíonn drochthionchar aige ar an timpeallacht. Bíonn ceadúnas sceite fuíolluisce nó teastas údaraithe ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag teastáil ó sceitheadh fuíolluisce (SFU) ar bith ó limistéir a mbíonn gréasáin shéarachais Uisce Éireann ag freastal orthu agus a bhíonn á scaoileadh isteach sa timpeallacht.

Téann infheistíocht Uisce Éireann i mbonneagar fuíolluisce na hÉireann chun tairbhe do phobail ar fud na tíre trí thacaíocht a thabhairt d'fhás agus d'fhorbairt, trí cháilíocht an uisce a fheabhsú agus tríd an gcomhshaol a chosaint.

### 1.1.2 Straitéis Fuíolluisce Chorcaí

De réir mar a fhásann ár ndaonra, méadaítear méid an fhuíolluisce. Ní mór dúinn an fuíolluisce sin a bhailiú agus a chóireáil ionas gur féidir an t-uisce cóireáilte a chur ar ais sa timpeallacht go sábháilte. Is é an cuspóir atá le Straitéis Fuíolluisce measúnú a dhéanamh ar an mbonneagar cóireála agus líonra fuíolluisce i limistéar geografach ar leith chun méid na hinfheistíochta amach anseo a shocrú a bheidh de dhíth sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh bonneagar leordhóthanach fuíolluisce ann chun soláthar tithíochta agus forbairt tráchtála a éascú, agus chun tacú le fás inbhuanaithe.

Is mórcheantar uirbeach réigiúnach é Mórcheantar Uirbeach Chorcaí (MUC), arna shainaithint amhlaidh sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) agus sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach (SSER). Tá fás an-suntasach i gCathair Chorcaí agus sna ceantair máguaird mar thoradh ar rath eacnamaíoch Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí. Tá sé beartaithe leis an

gCreat Náisiúnta Pleanála 2040 a foilsíodh le déanaí go mbeidh Corcaigh ar an réigiún cathrach is mó fás in Éirinn le méadú réamh-mheasta 50% go 60% ar a dhaonra sa tréimhse suas go dtí 2040.  Mar thoradh ar an bhfás sin, tá deacracht ag an mbonneagar draenála fuíolluisce reatha coinneáil suas leis an éileamh méadaithe ar thalamh sheirbhísithe nua le haghaidh tithíochta, forbairtí tráchtála agus tionscail.

Cuimsítear sa limistéar staidéir Mórcheantar Uirbeach Chorcaí agus Cuan Chorcaí agus dobharlaigh Chuan Lasmuigh Chorcaí sa Chreat-treoir Uisce.




**Fíor 1 Limistéar Staidéir Straitéise Fuíolluisce Chorcaí**

## Cén fáth a bhfuil Straitéis Fuíolluisce de dhíth orainn i gCorcaigh?

Tá roinnt dúshlán roimh Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí maidir le fuíolluisce a bhailiú agus a chóireáil:

- Méadú ar an daonra.
- Dúshláin reatha maidir le comhlíontacht ag roinnt ionad cóireála fuíolluisce agus líonraí séarachais.

- Riachtanais acmhainne maidir le cóireáil agus líonra fuíolluisce chun déileáil le hualaí reatha agus amach anseo ó Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí.

- Brúnna ar na dobharlaigh ghlactha ó sceitheadh fuíolluisce laistigh de Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí.

- Athrú Aeráide.

## Cad is aidhm le Straitéis Fuíolluisce Chorcaí?

Is é is aidhm le Straitéis Fuíolluisce Chorcaí measúnú a dhéanamh ar an mbonneagar cóireála agus líonra fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí chun méid na hinfheistíochta amach anseo a shocrú a bheidh de dhíth sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Sa staidéar féachaimid le straitéisí bainistíochta agus cóireála inbhuanaithe fuíolluisce a shainaithint agus déanfar liosta roghanna in ord tosaíochta a fhorbairt le haghaidh na tréimhse ionchasaí tionscadail 2030, 2055 agus 2080.

Is iad prionsabail Straitéis Fuíolluisce Chorcaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh;

- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt amach anseo Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí tríd an acmhainn riachtanach a sholáthar maidir le córais draenála, bainistíochta agus cóireála fuíolluisce.
- An timpeallacht a fheabhsú agus a chosaint trí bhainistíocht éifeachtach fuíolluisce.
- Tús áite a thabhairt do roghanna inbhuanaithe le haghaidh bainistiú éifeachtach fuíolluisce lena soláthraítear tairbhí iomadúla.
- Roghanna straitéiseacha ríthábhachtacha a shainaithint lena soláthrófar an acmhainn riachtanach maidir le córais draenála, bainistíochta agus cóireála fuíolluisce suas go dtí 2080.

## Conas a dhéanfar Straitéis Fuíolluisce Chorcaí a fhorbairt?

Áireofar le Straitéis Fuíolluisce Chorcaí anailís ar an mbonneagar fuíolluisce atá ann cheana chomh maith le bailiú sonraí, measúnuithe ar fhás an daonra agus ar fhás eacnamaíoch, measúnacht straitéiseach timpeallachta, agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara chun réitigh mheántéarmacha agus fhadtéarmacha a shainaithint ar riachtanais an réigiúin maidir le fuíolluisce. Trí Straitéis Fuíolluisce Chorcaí cuirfear straitéis inbhuanaithe


draenála i gcrích lena dtabharfar faoi riachtanais an bhonneagair fuíolluisce. Cuirfear ar fáil leis an staidéar roghanna draenála, bainistíochta agus cóireála a bheidh indéanta, straitéiseach agus inbhuanaithe. Acmhainn a sholáthar chun freastal ar éileamh fuíolluisce agus tacú le fás eacnamaíoch do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí.

Beidh an réiteach bainistíochta, cóireála, nó draenála inbhuanaithe i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla agus le spreagthaí rialála arna ndearadh chun cuspóirí timpeallachta náisiúnta agus idirnáisiúnta araon a chomhlíonadh ar a bhfuil achoimre sa Chreat-treoir Uisce (CTU) agus sna Treoracha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh.

In 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thogra i ndáil le Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD). Tá sé beartaithe faoi láthair an Treoir athbhreithnithe nó athmhúnlaithe maidir le Fuíolluisce Uirbeach a chomhaontú in 2024 agus is dócha go gcuirfear i bhfeidhm in Éirinn é uair éigin ó 2026. Cé go bhféadfadh sé nach dtiocfaidh na treoracha nuashonraithe i bhfeidhm sula gcuirfear an straitéis seo i gcrích, déanfaidh an fhoireann tionscadail boinn tuisceana eolasacha bunaithe ar an dréacht is déanaí. Déanfar athbhreithniú ar an straitéis deiridh ar bhonn tréimhsiúil lena chinntiú go gcomhlíonann sí oibleagáidí na hÉireann faoin treoir athbhreithnithe.

### 1.1.3 An Comhthéacs Reachtaíochta

Plean réigiúnach is ea Straitéis Fuíolluisce Chorcaí lena soláthraítear an straitéis do bhainistiú fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí thar an tréimhse 2025 go 2080. Beidh tionchar ag pleananna Uisce Éireann ar an leibhéal náisiúnta agus ag pleananna ábhartha réigiúnacha eile lena n-áirítear an Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce ar Straitéis Fuíolluisce Chorcaí.




**Fíor 2: Pleananna agus beartais Uisce Éireann.**

Sainaithneofar le Straitéis Fuíolluisce Chorcaí an bonneagar fuíolluisce a theastaíonn chun na cuspóirí straitéiseacha mar atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce (PSSU) 2015 – 2040 a ailíniú. Tá an PSSU 2050 nua á nuashonrú faoi láthair agus tá sé le glacadh ag tús 2025.

Cuirfear bonn eolais faoi phleanáil infheistíochta amach anseo leis an Straitéis Fuíolluisce Chorcaí freisin.

### 1.1.4 An Páipéar Saincheisteanna Seo

Dréachtaíodh an Páipéar Saincheisteanna sin mar thacaíocht d'fhorbairt Straitéis Fuíolluisce Chorcaí. Achoimrítear leis na príomh-shaincheisteanna a théann i gcion ar Mhórcheantar Cathrach Chorcaí (MCC) agus an cur chuige atá glactha chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le roghanna draenála inbhuanaithe agus bonneagar fuíolluisce i Mórcheantar Cathrach Chorcaí.

Sa dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, cuirfidh Uisce Éireann cuspóirí fadtéarmacha na straitéise agus an straitéis leathan soláthair i láthair le haghaidh comhairliúcháin. Déanfaidh sé breac-chuntas freisin ar conas a chuirfear an straitéis chun feidhme agus conas a dhéanfaidh Uisce Éireann an staidéar a nuashonrú.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí:

- Straitéis draenála, bainistíochta agus cóireála inbhuanaithe a fhorbairt do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí i gcomhréir le Creat-Treoir Uisce (CTU) an Aontais agus na Rialacháin maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (RCFU).
- Breac-chuntas a thabhairt ar na ceanglais maidir le draenáil agus an chóireáil fuíolluisce is gá chun freastal ar éilimh an limistéir staidéir i gcomhthéacs na bPleananna Forbartha reatha, an Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP), Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach an Deiscirt (SSER) 2020 agus acmhainneacht forbartha fadtéarmaí an cheantair suas go dtí an bhliain 2080.
- Réitigh mhalartacha le haghaidh bainistiú éifeachtach fuíolluisce a shainaithint chun an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú, tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch a thagann le Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce Uisce Éireann (PSSU 2050) agus le Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce Rialtas na hÉireann (RBSU).
- Measúnú a dhéanamh ar réitigh mhalartacha agus na réitigh draenála fuíolluisce is fearr a shainaithint agus aird á tabhairt ar an gcostas iomlán saolré, ar inbhuanaitheacht agus ar fheidhmíocht an chomhshaoil.
- Roghanna aonair a shainaithint chun moltaí Straitéis Fuíolluisce Chorcaí a chur chun feidhme, mar aon le tús áite a thabhairt do thionscadail cur chun feidhme dá leithéid.

- Straitéis inoiriúnaithe a fhorbairt ina bhfuiltear ag súil go mbeidh na torthaí nasctha le tionchair luaineacha amhail an t-athrú aeráide agus athrú ar an daonra agus lena ndearbhaítear go mbainfidh an straitéis táscairí feidhmíochta agus torthaí amach ar an gcostas is lú.

### 1.1.5 Cad atá ag tarlú anois?

Agus Straitéis Fuíolluisce Chorcaí á hullmhú, ní mór d'Uisce Éireann roinnt príomhthuarascálacha comhshaoil a ullmhú lena n-áirítear Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus Measúnacht Chuí (MC).

Tá aiseolas á lorg ag Uisce Éireann ar an bPáipéar Saincheisteanna agus ar Straitéis Fuíolluisce Chorcaí - an Tuarascáil Scóipe um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus ar an Measúnacht Chuí (MC). Tá comhairliúchán ar siúl faoi láthair chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt na dtuarascálacha sin.

Beidh comhairliúchán poiblí ar siúl ar feadh ocht seachtaine ón 15 Bealtaine go dtí an 9 Iúil 2024 agus le linn na tréimhse sin beifear ábalta féachaint ar dhoiciméid an chomhairliúcháin agus é a íoslódáil ag www.water.ie/cws

### 1.1.6 Conas trácht a dhéanamh ar an bPáipéar Saincheisteanna seo

Chun aighneacht a dhéanamh, seol chugainn í le do thoil trí ríomhphost nó sa phost faoin 9 Iúil 2024.

Ríomhphost: CWS@water.ie

Post: Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, Uisce Éireann, Bosca Oifig an Phoist 860, Oifig Seachadta Dheisceart na Cathrach, Cathair Chorcaí

Chun cabhrú le páirtithe leasmhara aighneacht a dhéanamh mar chuid den chomhairliúchán seo, cuirimid fáilte roimh aiseolas ar na ceisteanna comhairliúcháin seo a leanas, níl an t-aiseolas teoranta do na ceisteanna seo, áfach.

1. An bhfuil moltaí ar bith agat ar mhaith leat go mbreithneodh Uisce Éireann orthu agus Straitéis Fuíolluisce Chorcaí dá chuid á ullmhú aige?


2. Cuimsítear i limistéar staidéir Straitéis Fuíolluisce Chorcaí Mórcheantar Chorcaí agus uiscí glactha Chuan Chorcaí agus Chuan Lasmuigh Chorcaí agus dobharlaigh uisce na Creat-treorach Uisce. An bhfuil aon tráchtanna agat maidir leo sin?
3. An bhfuil aon tuairimí agat faoin gcur chuige maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) do Straitéis Fuíolluisce Chorcaí?
4. In alt 2.1 de chaibidil 2 Thuarascáil Scóipe MST déantar achoimre ar chuspóirí Straitéis Fuíolluisce Chorcaí. An bhfuil aon tráchtanna agat maidir leis na cuspóirí sin?
5. Rinne Uisce Éireann athbhreithniú ar phleananna, ar bheartais agus ar chláir a bhaineann le Straitéis Fuíolluisce Chorcaí i gcaibidil 4 de Thuarascáil Scóipe MST. An bhfuil cinn ar bith eile ann ar cheart machnamh a dhéanamh orthu?
6. I gcaibidil 3 de Thuarascáil Scóipe MST leagtar amach staid na timpeallachta bunlíne agus na treochtaí amach anseo. Tá achoimre ar na saincheisteanna timpeallachta i dtábla 3.16. An bhfuil aon tráchtanna agat maidir leo sin?
7. I gcaibidil 5 de Thuarascáil Scóipe MST leagtar amach na cuspóirí timpeallachta as a mbainfear úsáid chun an Straitéis Fuíolluisce agus na tionchair fhéideartha dá cuid ar an timpeallacht a mheasúnú. Tá achoimre ar na cuspóirí sin i dtábla 5.1. An bhfuil aon tuairimí agat fúthu sin?
8. Cén dóigh ar mian leat go rachadh Uisce Éireann i dteagmháil leat de réir mar a rachaidh an plean ar aghaidh?

Déanfar athbhreithniú ar gach aighneacht a dhéanfar agus cuimseofar aiseolas ábhartha sna tuarascálacha timpeallachta agus sa dréacht de Straitéis Fuíolluisce Chorcaí de réir mar is iomchuí. Déanfar aighneachtaí ó dhaoine aonair a thuairisciú gan ainm a lua agus cuirfear aiseolas ó eagraíochtaí síos dóibhsean.

## 1.1.7 Na Chéad Chéimeanna eile

Nuair a bheidh an comhairliúchán sin thart, déanfaidh Uisce Éireann athbhreithniú agus plé ar an aiseolas a fuair sé ó na páirtithe leasmhara. In Earrach 2025, foilseofar dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, agus déanfar comhairliúchán poiblí ocht seachtaine.

Foilseofar an leagan deiridh de Straitéis Fuíolluisce Chorcaí níos déanaí in 2025. Ina dhiaidh sin, déanfaidh Uisce Éireann athbhreithnithe tréimhsiúla ar Straitéis Fuíolluisce Chorcaí. Cinnteofar leis sin go mbeidh gníomhaíochtaí agus cuspóirí chéad Straitéise Fuíolluisce Chorcaí oiriúnach don fheidhm sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus go ndéanfar moltaí léi do chur chuige nua nó nuashonraithe.




**Fíor 3: Straitéis Fuíolluisce Chorcaí Treochlár maidir le Comhairliúchán**